V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10801 – INFRAFIBRE / DG FIBRE / DGN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 281/05)

1. An 18 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Infrafibre Sàrl ("Infrafibre", Lucsamburg), atá faoi rialú deiridh Deutsche Bank AG (an Ghearmáin),

— DG Fibre Holding Limited ("DG Fibre", an Ríocht Aontaithe), atá á rialú ag Sun Life Financial Inc. (Ceanada),

— Deutsche GigaNetz GmbH ("DGN", an Ghearmáin), atá á rialú ag DG Fibre (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Infrafibre agus DG Fibre rialú comhpháirteach ar DGN de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phunainne de chuid ciste bonneagair Eorpach atá á bhainistiú ag fochuideachtaí de chuid DWS Group GmbH & Co KGaA ("Grúpa DWS", an Ghearmáin) í Infrafibre. Is cuideachta bainistíochta sócmhainní í DWS Group, atá faoi rialú deiridh Deutsche Bank AG, a bhfuil punann leathan infheistíochta aici, lena n-áirítear infheistíochtaí i sócmhainní bonneagair san Eoraip. Is soláthraí domhanda seirbhísí airgeadais é Deutsche Bank AG (an Ghearmáin).

— Is cuideachta sealbhaíochta í DG Fibre atá faoi úinéireacht ciste bonneagair atá á bhainistiú ag InfraRed Capital Partners Limited (UK) ("IRCP"). Is bainisteoir infheistíochta domhanda é IRCP atá faoi rialú deiridh Sun Life Financial Inc ("Sun Life", Ceanada). Is cuideachta seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn réitigh árachais, rachmais agus bainistíochta sócmhainní do chliaint aonair agus chorparáideacha í Sun Life.

— Tá DGN gníomhach mar sholáthraí teileachumarsáide lán-chomhtháite FTTH do chustaiméirí príobháideacha, tráchtála agus iompróra sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10801 – INFRAFIBRE / DG FIBRE / DGN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.